

*Measúnú
agus
tacaíocht foghlama
sa nGaelscolaíocht*

Colm de Búrca

An Taighde

Cuireadh agallamh ar mhúinteoirí i 5 cinn de Ghaelscoileanna maidir le **nósanna teanga**:

- sa réamhléitheoireacht agus i dtús na léitheoireachta foirmiúla
- sa measúnú agus sa tacaíocht foghlama don léitheoireacht
- sa measúnú agus sa tacaíocht foghlama don mhata
- na nósanna thuas agus Gaeilgeoirí ó dhúchas i gceist.

Seachas sa gcéad cheist thuas, bhí cosúlachtaí idir na scoileanna.

Nósanna teanga sa réamhléitheoireacht agus i dtús na léitheoireachta foirmiúla

Polasaí an Phátrúin

- I dtrí cinn de na scoileanna dúradh nach bhfuil aon pholasaí ag an bpátrún i leith na léitheoireachta
 - Is scoil de chuid an Fhorais Pátrúnachta í ceann de na trí scoil seo
-
-

Polasaí an Fhorais Pátrúnachta

Múinteoireacht

(a) Déanfar na scileanna réamhléitheoireachta, réamhscríbhneoireachta agus scileanna réamhmhata go hiomlán trí Ghaeilge. Tosnóidh léitheoireacht i dTeanga 1 ar dtús mar atá leagtha síos ag an gCuraclam Athbhreithnithe.

Ar an leathanach céanna sainmhínítear céard is Teanga 1 ar an gcaoi seo:

Is scoil lán-Ghaeilge í an Ghaelscoil arb í an Ghaeilge ... teanga 1 na scoile ...

An réamhléitheoireacht

Scoil 1: Gaeilge agus Béarla sna Naíonáin Shóisearacha, le béim ar an nGaeilge.

Scoil 2: Gaeilge sna Naíonáin Shóisearacha. Béarla sna Naíonáin Shinsearacha.

Scoil 3: Gaeilge ag deireadh na Naíonáin Shóisearacha. Ní dhéantar aon Bhéarla go dtí Rang a hAon.

Scoil 4: Níor luadh

Scoil 5: *Réamhléitheoireacht i mBéarla.*

Nósanna teanga sa measúnú ar an Réamhléitheoireacht

- Measúnú is coitianta: an **Middle Infant Screening Test** (MIST) a dhéantar sna Naíonáin Shinsearacha.
 - Is scrúdú Béarla é.
-
-

An léitheoireacht fhoirmiúil

Scoil 1: Gaeilge roimh na Nollag sna Naíonáin Shinsearacha, Béarla tar éis na Nollag.

Scoil 2: Léitheoireacht fhoirmiúil i Rang a hAon.

Scoil 3: Gaeilge sna Naíonáin Shinsearacha. Béarla i Rang a hAon.

Scoil 4: Béarla ag deireadh na Naíonáin Shinsearacha, **Gaeilge ina dhiaidh sin.**

Scoil 5: Gaeilge ag tús na Naíonáin Shinsearacha, Béarla thart ar an Nollaig sna Naíonáin Shinsearacha.

An léitheoireacht fhoirmiúil: Litir ón Roinn

I dtaca le Scoil 4, is cosúil gur tháinig litir ón Roinn Oideachais agus Eolaíochta chuig an scoil sa tréimhse tosaigh, agus tuigeadh ón litir go bhféadfaí cás cúirte a chur ar an scoil muna dtosófaí leis an mBéarla.

An léitheoireacht ó Rang 1 ar aghaidh

Maidir le measúnú caighdeánach ar léitheoireacht na Gaeilge ó Rang 1 ar aghaidh, ní raibh sé ar fáil i scoil ar bith. Luaigh an taighdeoir **Trialacha Gaeilge Dhroim Conrach** leis na múinteoirí, ach níor úsáid aon duine acu iad riamh.

Bhí fáthanna éagsúla leis seo.

Trialacha Gaeilge Dhroim Conrach (1)

- Scoil 1: "... bheadh caighdeán léitheoireacht i bhfad níos airde ag páistí sa Bhéarla os rud é nach bhfuil siad á dtógáil le Gaeilge."
- Scoil 2: "... ach feicim anseo go ndeineadh é sna 70í so an dtuigeann tú, sin **beagáinín as dáta ...**"

Trialacha Gaeilge Dhroim Conrach (2)

- Scoil 3: "Bhuel, níor bhreathnaíomar air le tamall fada. An tuiscint atá agam ar sin **go bhfuil sé as dáta go mór**, ach nár deineadh athnuachaint air."
 - Scoil 4: "... go dtí seo bhí na cinn ó choláiste Luimnigh, **Micro** agus **Sigma**, **go léir as Béarla**."
-
-

Trialacha Gaeilge Dhroim Conrach (3)

- Scoil 5: "... Níl aon tuairim, ní fhéadfainn tuairim a thabhairt air, **níl siad feicthe agam fiú,** *so* níl a fhios agam."

Nósanna teanga sa measúnú agus sa tacaíocht foghlama don Mhata

Ar son na hiomláine phléigh mé ceist na matamaitice.

Ní mór measúnú caighdeánach a dhéanamh sa mata, agus tá sé tábhachtach go mbeadh na nósanna a bhaineann leis an matamaitic ag teacht le nósanna na Gaelscolaíochta.

Measúnú sa Mata (1)

- Scoil 1: Trialacha Dhroim Conrach.
Ní raibh leagan Gaeilge ar fáil sa bhliain 2007, agus d'aistrigh múinteoirí na scoile na trialacha iad féin. “Bíonn leibhéal na Gaeilge an-ard sna trialacha seo i gcomparáid le cumas léitheoireachta na ndaltaí.”
 - Scoil 2: Trialacha Dhroim Conrach. I dtuairim na foirne, tá na trialacha seo an-deacair.
-
-

Measúnú sa Mata (2)

- Scoil 3: Trialacha Dhroim Conrach. Ní dhearnadh an measúnú seo sa scoil i 2007 mar nach raibh leagan Gaeilge den triail leasaithe ar fáil.
 - Scoil 4: Déantar **Sigma T**, as Béarla.
 - Scoil 5: Trialacha Dhroim Conrach. Ní dhearnadh an measúnú seo sa scoil i 2007 mar nach raibh leagan Gaeilge den triail leasaithe ar fáil.
-
-

Tacaíocht foghlama sa Mata

- Scoil 1: Trí mheán na Gaeilge.
 - Scoil 2: Trí mheán na Gaeilge, le heisceachtaí.
 - Scoil 3: Trí mheán na Gaeilge.
 - Scoil 4: Trí mheán na Gaeilge.
 - Scoil 5: Trí mheán na Gaeilge.
-
-

Nósanna teanga i dtaca le páistí a bhfuil an Ghaeilge acu ó dhúchas

- Freastalaíonn páistí le Gaeilge ó dhúchas acu ar na scoileanna seo
 - Bheifí ag súil go bhfaigheadh na páistí seo gach cuid dá n-oideachas trí mheán na Gaeilge, tacaíocht don léitheoireacht san áireamh.
-
-

Páistí le Gaeilge sa mBaile

Scoil	Uimhreacha
Scoil 1	10 – 20
Scoil 2	8
Scoil 3	32 – 48
Scoil 4	8
Scoil 5	6
Iomlán	64 - 90

Tacaíocht do Ghaeilgeoirí ó dhúchas

- Scoil 1:

Níor tháinig aon pháiste le Gaeilge ó dhúchas agus fadhbanna léitheoireachta aige chun cinn le linn na 6 bliana a chaith an múinteoir tacaíochta foghlama i bpost.

Tacaíocht do Ghaelgeoirí ó dhúchas

- Scoil 2: Tháinig páiste amháin le Gaeilge ó dhúchas agus fadhbanna léitheoireachta aige chun cinn ó bunaíodh an scoil. Cabhraíodh leis trí mheán na Gaeilge.
 - Scoil 3: Tháinig páiste amháin le Gaeilge ó dhúchas agus fadhbanna léitheoireachta aige chun cinn i dtréimhse an phríomhoide reatha. Cabhraíodh leis trí mheán na Gaeilge.
-
-

Tacaíocht do Ghaelgeoirí ó dhúchas

- Scoileanna 4 & 5: Níor tháinig aon pháiste le Gaeilge ó dhúchas agus fadhbanna léitheoireachta aige sna scoileanna seo. Is beag páiste le Gaeilge sa mbaile a thagann chun na scoileanna seo.

Tátail

Níorbh ann do na huirlisí measúnachta chun measúnú a dhéanamh ar chumas réamhléitheoireachta ná léitheoireachta na bpáistí i nGaeilge.

Ní raibh ábhar ar fáil don tacaíocht foghlama sa léitheoireacht Ghaeilge ach an oiread.

Tátail

Níor cuireadh tacaíocht ar fáil do léitheoireacht na Gaeilge i scoil ar bith a ghlac páirt sa taighde seo, ach ar an aon bhonn amháin gurbh í an Ghaeilge teanga baile an pháiste.

Is ar éigin go dtáinig páistí den sórt sin chun cinn agus fadhbanna léitheoireachta acu.

Tátail

Bhí an tuiscint láidir ag gach éinne a cuireadh faoi agallamh gurbh éigin tacaíocht don léitheoireacht a thabhairt trí mheán an Bhéarla i ngach cás eile.

Cé mar atá cúrsaí anois?

Ar tháinig athrú ar bith ar chúrsaí

ó bhí 2007 ann?



Aguisín:

Athruithe ó bhí 2007 ann

- D'éirigh liom dul i dteagmháil le 3 cinn de na scoileanna arís i mbliana le feiceáil ar tháinig aon athrú ar ábhar na taighde idir an dá linn.
 - Níor tháinig aon athrú sna scoileanna seo i réimsí na Réamhléitheoireachta, tús na Léitheoireachta Foirmiúla ná in úsáid an chórais MIST ó 2007 i leith.
-
-

Aguisín (2)

Ghlac an trí scoil páirt i scéimeanna chun scrúduithe caighdeánacha a fhorbairt do léitheoireacht na Gaeilge, agus beidh siad in úsáid iontu amach anseo nuair a fhoilseofar iad.

Aguisín (4)

- Ó thaobh tacaíochta don léitheoireacht Ghaeilge de, **tá scoil 3 tar éis athrú polasaí a chur i gcrích** agus tugtar tacaíocht do léitheoireacht na Gaeilge inti anois.
 - Athraíodh an nós a bhíodh sa scoil, agus tagann an múinteoir tacaíochta foghlama isteach sa rang chun tacú le grúpaí áirithe de réir mar is gá, faoi threoir an mhúinteora ranga.
-
-

Aguisín (5)

- I scoil 3, de bharr an athraithe sna nósanna tacaíochta foghlama, d'fhéadfadh go bhfuair páistí atá á dtógáil le Gaeilge cúnamh don léitheoireacht tríd an gcóras nua.
 - Thairis sin, níor tháinig aon pháiste breise chun cinn i scoil ar bith acu atá á thógáil le Gaeilge agus fadhbanna léitheoireachta aige ó 2007 i leith.
-
-

Moltaí

Ba chóir do na Gaelscoileanna measúnú a dhéanamh trí theanga na scoile, agus diúltú do MhIST, Micro T, Sigma T srl. mura mbíonn siad ar fáil i nGaeilge agus in oiriúint do scoil a mhúineann trí Ghaeilge.

Moltaí

An Foras Pátrúnachta

- a chuid scoileanna a chur ar an eolas faoina pholasaithe maidir le húsáid na Gaeilge sa scoil,
 - cúrsaí a chur ar fáil dá phríomhoidí, do bhail a bhoird stiúrtha agus dá mhúinteoirí i dtaobh an deá-chleachtais maidir le hábhar na taighde seo, agus maidir leis an nGaelscolaíocht trí chéile.
 - d'fhéadfaí na cúrsaí seo a oscailt do dhaoine sna Gaelscoileanna eile freisin.
-
-

Moltaí

Tá géarghá le **staidéar cuimsitheach** le fáil amach cén fáth nach mbíonn Gaeilgeoirí dúchasacha ag dul ar aghaidh le haghaidh tacaíocht foghlama a fháil sa léitheoireacht, nó cén fáth nach n-aithnítear iad amhlaidh, nó an dtugtar an tacaíocht sin dóibh trí mheán an Bhéarla.

Moltaí

Taighde a dhéanamh ar chórais oideachais

- Euskadi (áit a bhfuil fadhbanna teanga ann cosúil lenár bhfadhbanna féin acu)
agus
 - san Íoslainn (tír le pobal beag 250,000 scaipthe thar achar fairsing).
-
-

Ábhar léitheoireachta

An tAcht Oideachais 1998, (Rialtas na hÉireann)

Tús na Léitheoireachta i scoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge, (COGG)

Report of the Task Force on Dyslexia, (Oifig an tSoláthair)

Teanga agus Litearthacht i mBunscoileanna ina bhfuil an Ghaeilge mar Mheán – Cuntais ar Chleachtais, (CNCM)

Polasaí agus Cleachtas Gaeilge sa Ghaelscoil, (An Foras Pátrúnachta)
